An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

MÁRTA
8
DÉ hAOINE

# Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram

## Do threoir neamhspleách

**Is é do vóta do ghuth**




**Aimsigh ar líne sinn**
electoralcommission.ie/ga/reifrinn

# Is é an Coimisiún Toghcháin coimisiún toghcháin neamhspleách na hÉireann. Is é ár ról faisnéis chruinn neodrach a sholáthar roimh na reifrinn.

Tabhair cuairt ar www.electoralcommission.ie/ga/reifrinn chun tuilleadh eolais a fháil faoin dá vóta reifrinn seo.

D'fhéadfá teacht ar fhaisnéis, go háirithe agus tú ar líne nó ar na meáin shóisialta faoi na reifrinn seo agus an próiseas vótála féin a bhféadfadh sé nach mbeadh sí cruinn, nach mbeadh fianaise mar thaca léi nó a bheadh míthreorach nó bréagach.

**Cuir na ceisteanna seo a leanas ort féin i gcónaí**

- Conas atá a fhios agam go bhfuil sé seo fíor?
- Cé atá á rá seo liom?
- Cén fáth a bhfuil siad á rá seo liom?
- Conas is féidir liom é seo a dhearbhú?
- An gá dom athmhachnamh a dhéanamh?

## An Coimisiún Toghcháin

Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2 D02 X8X8
Guthán: 01 888 2780
Ríomhphost: ReferendumQs@electoralcommission.ie
Suíomh gréasáin: www.electoralcommission.ie/ga/reifrinn

@ElecCommIRL

## Inrochtaineacht

Is féidir leat an leabhrán seo a íoslódáil ó www.electoralcommission.ie/ga/reifrinn

Tá sé ar fáil in Braille, i bhfuaim agus i bhformáid téacs mhóir trí Vision Ireland. Tá leagan i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann le fáil ag www.electoralcommission.ie/ga/reifrinn agus www.irishdeafsociety.ie agus www.chime.ie

Tá treoirleabhar atá Éasca le Léamh le fáil ó www.electoralcommission.ie/ga/reifrinn

21 PAP
Tá an leabhrán seo priontáilte ar pháipéar ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe.

# Réamhrá



Ar an 8 Márta 2024, iarrfar ar shaoránaigh na hÉireann vótáil in dhá reifreann chun ár mBunreacht a athrú. Ní féidir an Bunreacht a athrú ach amháin trí vóta saoránach i reifreann.

Is é an tOireachtas a dhéanann ár ndlíthe, agus tá sé comhdhéanta den Dáil, den Seanad agus den Uachtarán. Ní mór do gach dlí cloí leis an mBunreacht arb é bundlí an Stáit, agus an phríomhfhoinse ceart é.

Tá dhá vóta ar leith agat faoi an mian leat na hathruithe atá beartaithe a dhéanamh ar théacs reatha Airteagal 41 den Bhunreacht.

Iarrtar sa dá vóta go mbreithneofá réimsí casta na gceart bunúsach. Is é is aidhm don treoir seo faisnéis neamhspleách neamhchlaonta a sholáthar duit chun cuidiú leat do chinneadh faoi gach ceann acu a dhéanamh.

Baineann an chéad Reifreann le coincheap an Teaghlaigh sa Bhunreacht. Tá sé beartaithe leis an dara Reifreann cuid den Bhunreacht atá ann cheana a scriosadh agus téacs nua a chur isteach lena dtabharfar aitheantas don chúram a sholáthraíonn baill teaghlaigh dá chéile.

Is é do vóta do ghuth. Cuir tú féin ar an eolas ó fhoinsí iontaofa, déan suas d'intinn féin agus caith vóta ansin ar an 8 Márta.



**An Breitheamh Marie Baker Uasal,**
Cathaoirleach,
An Coimisiún Toghcháin.

**Beidh na Reifrinn ar siúl Dé hAoine an 8 Márta, 2024 (Lá na Vótála).**

**Beidh na stáisiúin vótála ar oscailt ó 7r.n go 10i.n.**

## Seicliosta an Vótálaí

1. **Cuir eolas ort féin faoi cheisteanna an Reifrinn**
2. **Is féidir leat cuairt a thabhairt ar checktheregister.ie nó teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil le seiceáil go bhfuil do chuid sonraí ar an gclár toghcháin ceart**
3. **Bí ag faire amach do do chárta vótála sa phost**
4. **Tabhair aitheantas leat ar lá na vótála**

# Leasú ar an Teaghlach

Páipéar ballóide bán a bheidh sa 39ú Leasú ar an mBunreacht. Déileáiltear ann le hAirteagal 41.1.1° agus le hAirteagal 41.3.1° den Bhunreacht, a mbaineann an dá cheann acu leis an Teaghlach.

In **Airteagal 41.1.1°** "Admhaíonn an Stát gurb é an Teaghlach is buíon-aonad príomha bunaidh don chomhdhaonnacht de réir nádúir, agus gur foras morálta é ag a bhfuil cearta doshannta dochloíte is ársa agus is airde ná aon reacht daonna."

In **Airteagal 41.3.1°** "Ós ar an bPósadh atá an Teaghlach bunaithe gabhann an Stát air féin coimirce faoi leith a dhéanamh ar ord an phósta agus é a chosaint ar ionsaí."

## An Moladh

Sa leasú seo, tá vóta amháin ann le haghaidh dhá athrú mholta. Is éard atá i gceist leis an Moladh téacs breise a chur isteach in Airteagal 41.1.1° agus téacs a scriosadh in Airteagal 41.3.1° Taispeántar na hathruithe atá beartaithe thíos:

**Tá an t-athrú atá beartaithe ar Airteagal 41.1. 1°curtha i gcló trom:**
In Airteagal 41.1.1° "Admhaíonn an Stát gurb é an Teaghlach, **bíodh sé bunaithe ar an bpósadh nó ar chóngais bhuanfasacha eile**, is buíon-aonad príomha bunaidh don chomhdhaonnacht de réir nádúir, agus gur foras morálta é ag a bhfuil cearta doshannta dochloíte is ársa agus is airde ná aon reacht daonna."

**Moltar Airteagal 41. 3. 1° a athrú tríd an téacs a thaispeántar i gcló trom a scriosadh:**
"**Ós ar an bPósadh atá an Teaghlach bunaithe** Gabhann an Stát air féin coimirce faoi leith a dhéanamh ar ord an Phósta agus é a chosaint ar ionsaí."

**Má ritear an leasú seo agus má ritear an Leasú ar Chúram dhéanfaí Airteagal 41.3.1° a athuimhriú mar Airteagal 41.2.1°**

**Admhaítear sa Bhunreacht faoi láthair lárnacht an aonaid teaghlaigh sa tsochaí agus cosnaítear an Teaghlach atá bunaithe ar phósadh leis.**

## Éifeacht Dhlíthiúil le Vóta TÁ

Má vótálann tromlach TÁ, athrófar an Bunreacht.

Thabharfaí cosaint bhunreachtúil an Teaghlaigh don Teaghlach atá bunaithe ar phósadh agus don Teaghlach atá bunaithe ar "chóngais bhuanfasacha eile".

Ciallaíonn an Teaghlach atá bunaithe ar phósadh an t-aonad atá bunaithe ar phósadh idir beirt daoine gan idirdhealú maidir lena n-inscne.

Ciallaíonn an Teaghlach atá bunaithe ar chóngais bhuanfasacha eile Teaghlach atá bunaithe ar chineálacha éagsúla caidrimh ghealltа agus leanúnaigh seachas pósadh.

Mar sin, bheadh na cearta agus na cosaintí bunreachtúla céanna ag cineálacha éagsúla aonad teaghlaigh.


Admhófar an Pósadh fós mar fhoras nach mór don Stát é a chosaint go cúramach agus é a chosaint ar ionsaí.

## Éifeacht Dhlíthiúil le Vóta NÍL

Má vótálann tromlach NÍL, ní dhéanfaí athrú ar Airteagal 41.1.1° agus 41.3.1° den Bhunreacht atá ann cheana.

Le hAirteagal 41.1.1° dá bhrí sin, leanfaí le stádas bunreachtúil speisialta a thabhairt don Teaghlach atá bunaithe ar phósadh idir beirt daoine, gan idirdhealú a dhéanamh maidir lena n-inscne amháin.

Admhófar an Pósadh fós le hAirteagal 41.3.1° mar fhoras nach mór don Stát é a chosaint go cúramach agus é a chosaint ar ionsaí.



# Leasú ar Chúram

Páipéar ballóide uaine a bheidh sa 40ú Leasú ar an mBunreacht. Moltar leis Airteagal 41.2.1° agus Airteagal 41.2.2° reatha a scriosadh agus Airteagal 42B nua a chur isteach.

**Airteagal 41.2.1°** “Go sonrach, admhaíonn an Stát go dtugann an bhean don Stát, trína saol sa teaghlach, cúnamh nach bhféadfaí leas an phobail a ghnóthú dá éagmais.”

**Airteagal 41.2.2°** “Uime sin, féachfaidh an Stát lena chur in áirithe nach mbeidh ar mháithreacha clainne, de dheasca uireasa, dul le saothar agus faillí a thabhairt dá chionn sin ina ndualgais sa teaghlach.”

# An Moladh

**Sa leasú seo, tá vóta amháin ann le haghaidh dhá athrú mholta. Is éard atá i gceist leis an moladh Airteagal 41.2.1° agus Airteagal 41.2.2° a scriosadh, mar a thaispeántar ar chlé, agus Airteagal 42B nua a chur isteach mar atá leagtha amach thíos:**

"Admhaíonn an Stát go dtugtar taca don Chomhdhaonnacht, ar taca é nach bhféadfaí leas an phobail a ghnóthú dá éagmais, de bhíthin cúram a bheith á thabhairt ag daoine de theaghlach dá chéile toisc na snaidhmeanna atá eatarthu, agus beidh an Stát ag dréim le tacú leis an gcúram sin a thabhairt."

**Tagraíonn an Bunreacht faoi láthair, le hAirteagal 41.2, don tábhacht a bhaineann le saol na mban laistigh den teaghlach don leas coiteann agus go bhféachfaidh an Stát lena chur in áirithe nach mbeidh ar mháithreacha clainne, de dheasca uireasa, dul le saothar agus faillí a thabhairt dá chionn sin ina "ndualgais sa teaghlach".**

## Éifeacht Dhlíthiúil le Vóta TÁ

Má vótálann tromlach TÁ, scriosfar Airteagal 41.2.1° agus Airteagal 41.2.2°, agus cuirfear Airteagal 42B nua isteach sa Bhunreacht.

Tá sé molta go scriosfaí Airteagal 41.2 reatha ina iomláine agus go gcuirfí isteach Airteagal 42B nua.


D'admhódh an 42B nua, ar an gcéad dul síos, a thábhachtaí atá an cúram a sholáthraíonn baill teaghlaigh dá chéile ar mhaithe le leas an phobail. Ar an dara dul síos, d'fhorálfadh sé go mbeadh an Stát "ag dréim le tacú" le cúram den sórt sin a sholáthar laistigh de theaghlaigh.

## Éifeacht Dhlíthiúil le Vóta NÍL

Má vótálann tromlach NÍL, ní dhéanfar athrú ar Airteagal 41.2.1° agus 41.2.2° den Bhunreacht atá ann cheana.

Leanfaí le hAirteagal 41.2, le haitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le saol na mban laistigh den teaghlach don leas coiteann.

Leanfaí leis freisin lena cheangal ar an Stát go bhféachfaidh sé lena chur in áirithe nach mbeidh ar mháithreacha clainne, de dheasca uireasa, dul le saothar agus faillí a thabhairt dá chionn sin ina "ndualgais sa teaghlach."



## Incháilitheacht chun vótáil i reifrinn:

Is féidir le saoránaigh Éireannacha atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, atá ina gcónaí in Éirinn, agus atá ar an gclár toghthóirí vóta a chaitheamh.

## Do stáisiún vótála:

Má tá tú i dteideal vóta a chaitheamh sna reifrinn agus cláraithe le vótáil, ba cheart go bhfaighfeá cárta vótála sa phost roimh lá na vótála ina sonrófar cén stáisiún vótála ar féidir leat do vóta a chaitheamh ann.

Mura bhfaighidh tú cárta vótála, féadfaidh tú vótáil fós ag do stáisiún vótála ainmnithe. Mura bhfaighidh tú do chárta vótála, is féidir leat do stáisiún vótála a sheiceáil ag checktheregister.ie.

## Tabhair aitheantas leat:

Ní gá do chárta vótála a bheith agat nuair a théann tú chun vóta a chaitheamh. Ba chóir duit, áfach, cineál bailí aitheantais phearsanta a thabhairt leat, amhail pas, ceadúnas tiomána, cárta seirbhísí poiblí, nó cárta aitheantais fostaí nó mic léinn ar a bhfuil grianghraf.

Glactar le cineálacha eile aitheantais freisin, amhail cárta creidmheasa nó teastas breithe, fad is atá doiciméad eile agat ar a dhearbhaítear do sheoladh sa dáilcheantar.

B'fhéidir nach n-iarrfar cruthúnas aitheantais ort, ach má iarrfar ort é, ní mór duit é a thaispeáint.

## Conas vóta a chaitheamh:

Sna reifrinn seo, beidh dhá pháipéar ballóide, ceann amháin do gach moladh reifrinn. Vótálann tú sna reifrinn seo trí 'X' a mharcáil sa bhosca 'Tá' chun an Bunreacht a athrú nó 'X' sa bhosca 'Níl' chun an Bunreacht a choinneáil mar atá sé.

Ná marcáil ach 'X' amháin ar gach páipéar ballóide, nó ní áireofar do vóta.

## Leasú ar an Teaghlach (39ú Leasú) Páipéar Ballóide Samplach (bán)

**An bhfuil tú ag toiliú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá sa Bhille thíosluaite?**

**Do you approve of the proposal to amend the Constitution contained in the undermentioned Bill?**

An Bille um an Naoú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Teaghlach), 2023

Thirty-ninth Amendment of the Constitution (The Family) Bill 2023

Ná cuir marc **ach san aon chearnóg amháin**
Place a mark in **one square only**

| | | |
|---|---|---|
| **Má thoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo.................. If you **approve**, mark X in this square........................ | | **Tá Yes** |
| **Mura dtoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo.............. If you do **not approve**, mark X in this square........... | | **Níl No** |

SAMPLE

## Leasú ar Chúram (40ú Leasú) Páipéar Ballóide Samplach (uaine)

**An bhfuil tú ag toiliú leis an togra chun an Bunreacht a leasú atá sa Bhille thíosluaite?**

**Do you approve of the proposal to amend the Constitution contained in the undermentioned Bill?**

An Bille um an Daicheadú Leasú ar an mBunreacht (Cúram), 2023

Fortieth Amendment of the Constitution (Care) Bill 2023

Ná cuir marc **ach san aon chearnóg amháin**
Place a mark in **one square only**

| | | |
|---|---|---|
| **Má thoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo.................. If you **approve**, mark X in this square........................ | | **Tá Yes** |
| **Mura dtoilíonn** tú, cuir X sa chearnóg seo.............. If you do **not approve**, mark X in this square........... | | **Níl No** |

SAMPLE